2025/1398

11.7.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/1398 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 9 Iúil 2025**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/1908 (EUTM Somalia/1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Feabhra 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/96/CBES, lenar bunaíodh misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia).

(2) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 2010/96/CBES, tá an Coiste Polaitiúil agus Slándála chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUTM Somalia a fheidhmiú, agus údaraíonn an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUTM Somalia ('Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh').

(3) An 4 Iúil 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1908 ([2]) lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Giuseppe ZIZZARI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 11 Iúil 2024.

(4) An 27 Bealtaine 2025, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Briogáidire-Ghinearál Marco MANZONE a cheapadh i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Giuseppe ZIZZARI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ('an ceapachán molta').

(5) An 3 Meitheamh 2025, thacaigh Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia leis an gceapachán molta.

(6) An 5 Meitheamh 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Marco MANZONE mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Marco MANZONE a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 18 Iúil 2025.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/1908 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Marco MANZONE mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) amhail ón 18 Iúil 2025.

*Airteagal 2*

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/1908.

([1]) IO L 44, 19.2.2010, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/96(1)/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1908 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 4 Iúil 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/615 (EUTM Somalia/2/2024) (IO L, 2024/1908, 8.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1908/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 18 Iúil 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK